Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8527/26**
**ADD 1**

**ENT 84**
**MI 390**
**POLCOM 155**
**COREE 1**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 141 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Poblacht na Cóiré le haghaidh comhaontú maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnuithe comhréireachta, deimhnithe comhréireachta agus marcálacha comhréireachta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 141 annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 141 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.4.2026
COM(2026) 141 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Poblacht na Cóiré le haghaidh comhaontú maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnuithe comhréireachta, deimhnithe comhréireachta agus marcálacha comhréireachta**

# IARSCRÍBHINN

## TREORACHA LE hAGHAIDH COMHAONTÚ MAIDIR LE hAITHEANTAS FRITHPHÁIRTEACH A CHAIBIDLIÚ LE POBLACHT NA CÓIRÉ I nDÁIL LE MEASÚNUITHE COMHRÉIREACHTA

**Cineál agus raon feidhme an Chomhaontaithe**

1. Ba cheart forálacha a bheith sa Chomhaontú lena n-áiritheofar go nglacfaidh gach páirtí, mar chruthúnas leordhóthanach ar chomhlíontacht leis na dlíthe is infheidhme a shonraítear san Iarscríbhinn Earnála ábhartha, le torthaí na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta arna seoladh ag comhlachtaí cláraithe um measúnú comhréireachta an pháirtí eile. Áirítear leis sin, i measc nithe eile, deimhnithe agus marcálacha comhréireachta.

2. Ba cheart an Comhaontú a bheith go hiomlán comhsheasmhach le rialacha agus oibleagáidí na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT).

3. Ba cheart foráil a dhéanamh sa Chomhaontú maidir le gealltanais chómhalartacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach maidir le measúnuithe comhréireachta.

**Cuspóirí**

4. Is é is cuspóir don chaibidlíocht trádáil idir an tAontas agus Poblacht na Cóiré a éascú agus rochtain ar an margadh a éascú trína chur ar a chumas do gach páirtí glacadh le tuarascálacha tástála, deimhnithe agus marcálacha comhréireachta arna n-eisiúint ag comhlachtaí ainmnithe um measúnú comhréireachta (CMCanna) eile le haghaidh earnálacha sonraithe, agus ar an gcaoi sin dúbailt nósanna imeachta tástála agus deimhniúcháin a sheachaint.

**Inneachar**

5. Leis an gComhaontú, ba cheart ceangal a chur ar na páirtithe glacadh le fianuithe comhréireachta, lena n-áirítear tuarascálacha tástála, deimhnithe, údaruithe agus marcálacha comhréireachta, mar a cheanglaítear le reachtaíocht agus rialacháin a shonraítear sna hIarscríbhinní Earnála a ghabhann leis an gComhaontú agus ós rud é gurb iad CMCanna ainmnithe i gcríocha an pháirtí eile a eisíonn fianuithe den sórt sin.

6. Ba cheart raon feidhme earnála agus críochach a sholáthar leis an gComhaontú, ina sonrófar na táirgí agus na hearnálacha a chumhdaítear mar aon le críoch iomlán gach páirtí chun saorghluaiseacht táirgí deimhnithe a áirithiú.

7. Ba cheart na gnéithe seo a leanas, i measc nithe eile, a bheith i ngach Iarscríbhinn Earnála a ghabhann leis an gComhaontú:

   - ráiteas maidir lena raon feidhme agus lena chumhdach;
   - na ceanglais reachtacha, rialála agus riaracháin a bhaineann leis na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta;
   - liosta de na CMCanna ainmnithe;
   - na húdaráis ainmniúcháin;
   - sraith nósanna imeachta chun CMCanna a ainmniú.

8. Leis an gComhaontú, ba cheart a cheangal ar pháirtithe a CMCanna ainmnithe a chur ar fáil chun inniúlacht theicniúil agus comhlíontacht a fhíorú, agus san am céanna an

ceart a dheonú don pháirtí eile agóid a dhéanamh in aghaidh na gcomhlachtaí sin in imthosca eisceachtúla amháin.

9. Ba cheart clásal a bheith sa Chomhaontú nach gceanglófaí le comhaontuithe maidir le haitheantas frithpháirteach (CAFPanna) le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad ar na páirtithe glacadh le measúnuithe comhréireachta ó na tíortha sin nach Ballstáit den Aontas iad, mura dtabharfaí comhaontú foirmiúil i gcrích.

10. Ba cheart do na páirtithe Comhchoiste a bhunú chun iarscríbhinní a leasú, díospóidí a réiteach, inniúlacht CMC a fhíorú, agus cumhdach a leathnú.

11. Féadfar a cheangal leis an gComhaontú ar na páirtithe faisnéis a mhalartú maidir leis na gnéithe seo a leanas, i measc nithe eile:

- cur chun feidhme na bhforálacha reachtacha, rialála agus riaracháin a shonraítear sna hIarscríbhinní Earnála;
- na hathruithe reachtacha, rialála agus riaracháin atá beartaithe acu i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá ar Chomhaltaí EDT fógra a thabhairt faoin gComhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil;
- ainmniú CMC a chur ar fionraí nó an fhionraíocht sin a bhaint;
- na nósanna imeachta a úsáidtear chun a áirithiú go gcomhlíonann CMCanna ainmnithe de chuid na bpáirtithe na ceanglais reachtacha, rialála agus riaracháin a leagtar amach sna hIarscríbhinní Earnála agus na ceanglais inniúlachta a shonraítear san Iarscríbhinn.

12. Ba cheart a lua sa chomhaontú, de réir mar is iomchuí, an caidreamh atá aige leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré.

13. Ba cheart clásal a bheith sa chomhaontú lena sonraítear nár cheart a fhorléiriú go mbeidh glacadh frithpháirteach le caighdeáin nó rialacháin theicniúla na bpáirtithe i gceist leis.

**Forálacha críochnaitheacha**

14. Ba cheart forálacha a bheith sa Chomhaontú maidir le foirceannadh an Chomhaontaithe agus maidir leis na hoibleagáidí dá bhforáiltear sa Chomhaontú a chur ar fionraí.

15. Ba cheart comhúdarás a bheith ag an gComhaontú i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, agus ba cheart clásal teanga a chuimsiú ann chuige sin.